| Cur Síos Gairid | Meitheal Forbartha GCAT - Cruinniú 7, an 5 Nollaig 2024 |
|---|---|
| **Mír ar an gClár** | **Nótaí** |
| **An Nuacht is Déanaí** | Forbhreathnú gairid ar an amlíne le haghaidh comhairliúcháin arna chur ar fáil ag an bhFeidhmeannas. |
| **Snáitheanna staidéir: struchtúr nua na dTascanna Punainne Feidhmeacha (TPF) agus na TFanna** | Fáilte mhór leathan do struchtúr na dtascanna punainne feidhmeacha agus an tsnáithe aontaithigh chomhchuimsithe. Leis na TPFanna baintear amach an cuspóir de réir mar a leagadh amach sa snáithe aontaitheach é, agus san am céanna cuirtear scafláil ar fáil don scoláire maidir lena phunann a fhorbairt agus a struchtúrú. Bheadh sé fóinteach roinnt treorach a bheith ann maidir leis an gcaoi a bhféadfadh múinteoirí iad a úsáid agus leis na scoláirí a ghríosú. Chuirfí TFanna éagsúla chun feabhais ach eagarthóireacht bheag a dhéanamh orthu agus bheadh sé fóinteach soiléireacht a bheith ann maidir le téarmaí éagsúla (punann, próifíl, ráiteas). Tá Snáithe 2 i Modúl 2 dírithe anois ar obair, rud ba cheart a léiriú i dteidil an mhodúil agus na snáitheanna. |
| **Comhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis** | Cuireadh fáilte roimh shamhail nua de phróifíl phearsanta agus de spreagthach bliantúil mar chéim chun tosaigh ó shamhail reatha Ghairmchlár na hArdteistiméireachta agus cuireann an tsamhail sin fíormheasúnú ilmhódúil barántúil ar fáil lena bhféadfaí an mharbhántacht a sheachaint. D’fhéadfadh na TPFanna a bheith ina mbealach inbhuanaithe praiticiúil chun bonn eolais a chur faoi fhorbairt na próifíle atá beartaithe. Luíonn sé le réasún go mbeadh na príomhchodanna nó na príomhcheannteidil laistigh den phróifíl phearsanta i gcomhréir leis na snáitheanna staidéir. Ní mór go mbeadh an phróifíl phearsanta ábhartha i gcónaí ar feadh an dá bhliain uile den chúrsa agus ní mór machnamh cúramach a dhéanamh ar bhriseadh síos an ualúcháin 60%. |
| **Ainmneacha féideartha agus teagasc le haghaidh fhoghlaim an scoláire** | Rinneadh breithniú ar ainmneacha féideartha do na Nascmhodúil. Ní mór smaointe amhail pobal, saol, obair agus forbairt phearsanta a chuimsiú le hainm nua, ach é a bheith gonta san am céanna. Cuireadh fáilte roimh dhréachtchuid um theagasc le haghaidh fhoghlaim an scoláire agus moladh feabhsuithe éagsúla. |
| **Na chéad chéimeanna eile** | Rinne an Cathaoirleach machnamh ar an obair a rinneadh go dtí seo agus ghabh sé buíochas leis na baill as a bheith i láthair agus as an méid a rinne siad.<br><br>An Chéad Chruinniú Eile: an 8 Eanáir 2025 |